


NUACHTLITIR NA NOLLAG

Ag Sábháil na mBeach

Tá Adam Caomhánach agus Finn Ó Conchubhair ó 3A tar éis go leor airgid a bhailiú chun coirceog a bhunú inár scoil. Cúpla seachtain ó shin chaith Adam, Finn agus Ódhran an tráthnóna ar fad ag obair sa ghairdín scoile chun áit a ullmhú, cé go raibh sé ag doirteadh báisti an lá sin. Coicís ó shin, d'eagraigh siad tráth na gceist an-rathúil i Loch Garman agus bhailigh siad 800 euro ansin. Is léir gur oibríthe tuillteanacha iad agus gur ambasadóirí den chéad scoth iad dár scoil agus don nádúr! Tá muid an-bhródúil astu.

Díospóireachtaí Uí Chadhain

I mbliana, ghlac Stuart Rosaitéar agus Stiofán Ó Cuisín san idirbhliain agus Maeve Anne Ní Chonghaile ón bú bliain páirt sa Chomórtas Díospóireachta Uí Chadhain. D'éirigh leis an bhfoireann dul go dtí an Craobh Réigiúnach i nDroichead Átha ar an 2 lá de Mhí na Nollag. An rún a bhí á phlé ná go bhfuil 'todhchaí gheal roimh an Aontas Eorpach'. Ar an drochuair, níor éirigh leo áit a bhaint amach sa Chraobh Náisiúnta ach rinne an triúr sár-iarracht agus tá an scoil an-mhórtasach astu. Maith sibh!





TAITHÍ OIBRE SA FHRAINIC

Chuaigh 21 daltaí ón idirbhliain agus beirt ó bhliain 5 go Nantes, sa Fhrainc i mí Dheireadh Fómhair chun taithí oibre a dhéanamh. D'fhan siad le teaghlaigh fhrancacha agus is léir gur bhain siad an-taitneamh as a bheith ag fáil amach faoi nósanna francacha! Chaith an cuid is mó de na daltaí seachtain ann ach d'fhan seachtar ar feadh coicíse. Ba sheachtain thuirsiúil, spráúil í agus tá na daltaí tar éis go leor fraincise a fhoghlaim. Bhí siad go léir brónach an chathair álainn a fhágáil agus ní dhéanfaidh siad dearmad riamh ar na Galettes, an béile traidisiúnta sa réigiún sin.

RSA SHUTTLE BUS

Tháinig an RSA Shuttle ar cuairt ar an 9 Deireadh Fómhair agus d'fhreastail an scoil ar fad air. D'fhoghlaimíomar go leor faoi shábháilteacht ar na bóithre trí chluichí spráúla a imirt ar an mbus. Bhí seans againn dul i gcarr a d'iompaigh bunoscionn ar nós a dtarlódh i dtimpiste bhóthair. Is ábhar trom é timpistí bóithre ach bhí an-spraoí againn le chéile agus mholfaimis é do na blianta eile.

ONE GOOD IDEA

Beidh seisear ó bhliain a haon ag glacadh páirte sa chomórtas One Good Idea i mbliana; Ellie De Faoite, Clarisse NíChonchubhair, Eve Nic Sheoin, Cáit Copeland, Amy Ní Bhriain agus Ryan Mac Sandair. Is í aidhm an chomórtais seo ná an comhshaol a spreagadh. Tugtar lucht an athchúrsála ar an dream seo nó 'The Bin Debunkers'. Is ceannairí comhshaoil iad a rachaidh i bhfeidhm ar dhaltaí eile sa chéad bhliain tabhairt faoi chúrsaí athchúrsála agus múirín i gceart. Caithfear a bheith airdeallach faoi chúrsaí glantacháin agus faoin staid ina mbíonn rudaí nuair a chaitear isteach

sa bhosca athchúrsála iad. Tá gá le gníomhartha radacacha a dhéanamh más sa tóir ar in-bhuanaitheacht don domhan atá muid. Dár le Greta Thunberg 'níl ní ar bith ró-óg difríocht a dhéanamh ar an domhain seo' agus mar sin, tá feachtas pleanáilte ag lucht na chéad bhliana fiú go gcuirtear béim air le gach bliainghrúpa ar scoil. Tá scannán le déanamh ag an ngrúpa a bheidh le feiceáil ar an scáileán mór i Luimneach i Mí Aibreáin. Guímid gach ráth ar an ngrúpa seo.

DEBATES NO CAUSE FOR CONCERN

Meánscoil Gharman have advanced to the next round of the Concern Senior Debating competition. The debating team which consists of Captain Jack Ó'Cuirc, Ethan O'Dorchaide, Jack Ó Nualláin Faoithigh, Chonaill Ó Duibhlinne and supersub Oisín O'Duibhir. The team have steamrollered through the wexford heats having beaten C.B.S. Wexford, St Marys CBS Enniscorthy, Creagh College Gorey and Gorey Community School all unanimously. The team is the only Wexford representative that will now go through to the knock out stage of this prestigious competition.



Cispheil

Faoi bhainistíocht iontach Eileanóir agus Gillian, ghlac cailíní f16 agus f19 páirt sa tsraith i mbliana. D'éirigh leis na cailíní f19 leath-chraobh an réigiúin a bhaint amach. D'imir siad go hiontach ar an lá ach chaill siad le ciseán amháin in am breise. Bhíomar croíbhriste ach b'éacht iontach é áit sa chraobh a bhaint amach agus beidh gach duine ar an bpainéal faoi aois an bhliain seo chugainn. Tá an fhoireann f19 agus f16 sa chraobh. Nuair a léitear é seo beimid ar an eolas maidir leis an toradh. Go n-éirí leo agus a mbainisteoir iontach Linda le tacaíocht Ó Chaoimhe. Thosaigh traenáil bhliain 1 agus 2 do na cailíní le déanaí agus beidh traenáil na mbuachaillí ag tosú go luath.

Peil Ghaelach

Tá an fhoireann f19 i lár a gcraobh faoi láthair. Faoi stúir Phádraig, táimid ag súil go mbeimid in ann céim sa bhreis a thógáil agus craobh an chontae a bhuachan tar éis na Nollag. Beidh an fhoireann f16 ag súil leis an rud céanna agus muid ag bogadh ar aghaidh chuig craobh an Oir-dheiscirt don tríú bliain as a chéile D'imir buachaillí f14 i dhá bhlioz go dtí seo i mbliana agus d'éirigh go maith leo. Beidh Peil na mBan ag tosú i 2020

Iománaíocht/Camógaíocht

Bhí blitz iomána ag na buachaillí f14. Bhuamar dhá chluiche as trí agus bhí lá maith againn. Cuireadh blitz na gcaillíní ar ceal faoi dhó de bharr na haimsire. Sa chraobh f16 bhuaigh ná buachaillí cluiche, chríochnaigh ceann ar chomhscór agus chailleamar ceann eile. Beidh cluiche amháin eile againn agus tabharfaidh an cluiche sin le fios dúinn maidir leis an ngrúpa a bheidh sa dara háit sa chontae.

Futsal

Bhí lá maith ag foireann Stiofán arís ag an futsal le dhá fhoireann de buachaillí ón gcéad bhliain.

Rith tras tíre

Cuireadh an comórtas ar ceal de bharr na haimsire ach beidh sé ar siúl i ndiaidh na Nollag. Beidh Eoin ag cinntiú go bhfuil daoine ag traenáil gach Luan ag am lóin.

Eile

Bhuaigh Eoghan Ó Diomsaigh agus Daithí Ó Dublaoich bonn cré umha domhanda sna SAM le déanaí. Bronnadh gradam shárimreoir rugbaí na bliana ar Katie Ní Fhaoláin. Anuas air sin, tá go leor sa scoil seo ag imirt le foireann an chontae ina spórt féin nó tar éis rudaí iontacha a dhéanamh ina spórt aonarach. Maith sibh go léir.

Sárimreoir Rugbaí na Bliana



Bunaíodh Coiste Gaeilge Nua i mí Mheán Fómhair. Tá dáréag ar an gcoiste i mbliana; Róise Eilís, Maeve Anne, Conor, Michaela, Aoife, Ava, Erin, Daniel, Meaghan, Rhianne, Róisín, Carla. Glacaimid páirt i nGaeilge 24 chuile bliain agus i mbliana d'éirigh leis an gcoiste 117 dalta a mhealladh chun páirt a ghlacadh. D'éagraigh an coiste cluichí agus gníomhaíochtaí le linn an lae agus bhain na daltaí ar fad an-taitneamh as, ach go háirithe ag déanamh iarrachta an ghaeilge a scaipeadh timpeall an bhaile agus daoine a spreagadh a gcuid cúpla focal a úsáid. D'imríomar Kahoot, cluichí, d'fhéachamar ar scannán agus rinneamar céilí. Bhí an-chraic againn agus táimid ag súil go mór le páirt a ghlacadh arís an bhliain seo chugainn. Is féidir leat súil a chaitheamh ar an lá ar 'meanscoilstagram'. Déanaimid imeachtaí eile go rialta ar nós- comórtas Ghaeilgeoir na Míosa, Meme na Míosa agus cuirimid foclóireacht agus Gramadach ar an instagram gach seachtain. Beidh roinnt gníomhaíochtaí eile á n-eagrú ag an gcoiste le linn na bliana ar nós seó tallaine na Nollag agus amhrán eile a thairfead roimh dheireadh na bliana agus mar gheall go raibh ár bhfíseán "An focal is fearr liom" chomh ráthúil timpeall na tíre i measc mhúintir na Gaeilge táimid chun físeán nua a chruthú i mbliana freisin.



Seachtain Erasmus +

Bronnadh maoiniú ar mhúinteoirí na scoile forbairt ghairmiúil a dhéanamh timpeall na hEorpa sna réimse teicneolaíochta agus folláine ar mháithe na ndaltaí. Ag tús na bliana, cuireadh tús le seachtain Erasmus+ le tionól folláine ar maidin. Ansin, gríosáíodh gach duine le chéile ag am lóin nuair a cuireadh lón Eorpach ar fáil do dhaltaí na scoile. Bhí réimse leathan bia ar fáil, cuir i gcás, ispíní na Gearmáine, cáis na Fraince, liamhás na Spáinne agus araile. Cuireadh fóga ar fáil freisin ar son folláine na ndaltaí. Anuas air sin, bhí comhrá Fraincise, scannán Spáinnise agus comórtas aistriúcháin eagraithe do na daltaí. Fágadh léarscáil na hEorpa i bpríomhhalla na scoile agus bhí deis ag na daltaí biorán a chur ar áit éigin san Eoraip ina bhfuil nasc acu leo leis an áit sin. Bhí sé spéisiúil le feiceáil ag deireadh na seachtaine go raibh an Eoraip clúdaithe le bioráin. Is léir go bhfuilimid ar fad ceangailte agus ag bráth ar a chéile.

Seachtain na hEolaíochta

Cuireadh tús le seachtain na heolaíochta ar an 10ú Samhain. D'fhreastail lucht na chead bhliana ar seó fisice i dTeagasc. Bhí an tAire Airgeadais Michael Darcy i láthair ag an ócáid. Bhain na daltaí an-sult as an turgnamh eolaíochta a rinne siad ag an deireadh nuair a rinneadh imoibriú le Coke agus Menthos. Labhair Jamie Mac Giolla Dé ag am lóin le linn na seachtaine faoi bhaictéara-fagaigh agus cuireadh tráth na gceist ar siúl ag deireadh na seachtaine don dara agus tríú bliain.

Eolaí Óg

Ba mhaith linn ár gcomhghairdeas mór a dhéanamh lenár ndaltaí a d'éirigh leo áit a fháil i gcomórtas Eolaí Óg na Bliana 2020. Tá na heolaithe óga seo ag obair go dian i láthair na huairé agus déanamh iarrachta eolas a bhailiú agus tabhairt faoin anailísiú. Tá Bríd Caomhánach, Alannah McCann agus Seamus Ó Broin ag fiosrú an mheon chultúrtha atá againn sa tír seo i leith fhadhb na hotrachta i measc páistí óga. Tá eolas á bhailiú acu trí mhodh an tsuirbhé, an agallaimh agus thrí ghrúpaí fócais a dhéanamh. Más fonn ort lámh cúnata a thabhairt dóibh, tá na ceistneoirí ar fad ar fáil ar an leathanach Facebook 'BTEolaíÓg2020'. Bhain Jennifer Nic Craith an-súp as an eispéireas a bhí aici anuraidh ag an BT Eolaí Óg 2019. Bheartaigh sí leasuithe a dhéanamh ar an modh oibre atá aici agus tá sí arís ag déanamh comparáide aclaíochta idir rincooirí Gaelacha agus Imreoirí C.L.G. Tá Jennifer gafa faoi láthair ag déanamh tástálacha le lúthchleasaithe an cheantair. Ní bheidh ach trí thionscadal san iomlán ón gcontae ag freastail ar an taispeántas eolaíochta. Mar sin, is cúis bhróid í go bhfuil daltaí na scoile ag freastal ar an ócáid seo.

Féin chosaint

AN IDIRBHLIAIN

Cábaí Sárlaoch

Thosaigh an idirbhliain féinchosaint le John Phillips. Bhaineamar taitneamh as féinchosaint go dtí seo. Is s'éard is brí le féinchosaint ná slí chun tú féin a chosaint ag baint úsáide amháin as an méad fórsa atá de dhíth. D'fhoghlaimíomar go leor modhanna difriúla faoi conas duine atá chun tú a ghortú a stopadh, conas dorn a stopadh, conas tú féin a chosaint l gcoinne duine atá níos airde. Freisin d'fhoghlaimíomar modhanna atá níos úsáidí i gcomhair mná amháin. D'inis an fear scéalta dúinn ag baint úsáide as a chuid scileanna féinchosanta, chomh maith leis sin mhúin sé go leor teicnící dúinn gur féidir linn a úsáid chun éalú ó bhagairt gan ár bhféinchosaint a úsáid. Bhaineamar taitneamh as mar ní dhearnamar aon rud cosúil leis sin riamh mar rang agus tá sé suimiúil agus úsáideach. Le Meadhbh O'Brien agus Abi Ní Chonchubhair.

Táimid an-bhródúil as Meadhbh Ní Bhriain (BL4) as na cábaí sárlaoch a chruthaigh sí do leanaí réamhaibí sa Rotunda NICU I mBaile Átha Cliath. Bhí siad cniotáilte ag Meadhbh ionas go mbeadh na páisti sin in ann gléasta suas mar Shárlaochra d'Oíche Shamhna. Wow. Gleoite agus tuisceaneach! Sármhaith, Meadhbh!!



Mionchomhlacht

Tá Coiste Naomh Uinseann de Pól ag obair go dian i mbliana. Thug siad cuairt ar teach altranais Wygram ar an 18ú Deireadh Fómhair. Sheinn siad ceol agus rinne Meadhbh damhsa Gaelach dóibh freisin. Chuaigh grúpa dalta chuig ospidéal Loch Garman ar an 3ú Nollaig chun ciseáin lán le hearraí bÁCáilte a thabhairt do na haltraí chun aitheantas agus buíochas a ghabháil leo. Tá grúpa eile ag eagrú Lá Gheansaí na Nollag. Má bhailíonn siad €220 roimh an 16ú Nollaig beidh Lá Gheansaí na Nollag againn ar an lá deireanach. Beidh an t-airgead ar fad ag dul go Naomh Uinseann de Pól mar dhearbháin bhia.

Tá díolacháin tosaithe ag lucht na hIdirbhliana agus tá ag éirí go maith leo leis na margaí áitiúla faoi láthair. Bhí seastán ag sé mhionchomhlacht sa bhazaar Gaelscoile agus ceithre mhionchomhlacht san ionad Toirbheirte ar an gcéad lá de mhí na Nollag. I measc na smaointe atá ann i mbliana, tá leabhar do pháistí óga darbh ainm 'Grace and Malik' faoi chorpíomhá dearfach a chur chun cinn, maisiúcháin Nollag, seodra, cártaí Nollag, éadaí athlámhe, strufail orgánacha agus buidéal in-athúsáidte. Tá roinnt daltaí tar éis brabús suntasach a dhéanamh ag an bpointe seo agus beidh go leor dóibh gafa le margaí Nollag. Déanfar moltóireacht orthu ag tús mhí Feabhra.

Taithí Oibre

Chuaigh daltaí na hidirbhliana amach ar feadh seachtaine ar thaithí oibre i mbliana. Bhí siad ag obair ar fud na tíre agus chuaigh roinnt daltaí chuig an Fhrainc. Thug an tseachtain seo seans iontach dóibh blas a fháil ar conas mar a bheadh an saol sa todhchaí agus an cineál slí bheatha a oireann dóibh go pearsanta. Bhí réimse leathan slí bheatha inar léirigh na daltaí suim iontu. Ina measc bhí, innealtóireacht, tréidliacht, meicneoireacht, cógaistíocht agus múinteoireacht. D'fhoghlaim na daltaí go leor scileanna éagsúla is iad i mbun na hoibre. Bhí orthu na scileanna seo a léiriú mar chur i láthair agus é a thaispeáint do na daltaí eile. Is scileanna riachtanacha iad a bheadh an-chabhrach don saol ós a gcomhair amach. Le Dáire Kavanagh agus Taragh Cooper

Malartú Spáinne

Tosaíodh an chéad mhalartú Spáinne i mbliana idir daltaí Mheánscoil Gharman agus daltaí ó Teruel, cathair bheag i dtuaisceart na Spáinne. Chuaigh 26 daltaí ón scoil chuig an Spáinn ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair. Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh ar mhuintir na scoile. Is cathair fíor-Spáinneach agus stairiúil í Teruel agus mhothaigh gach duine ar a sháimhín só ansin. Cuireadh barr feabhais ar Spáinnis na ndaltaí agus ba léir gur réitigh lucht na Spáinne go h-iontach lenár ndaltaí. Tá suim ag an dá scoil leanúint ar aghaidh leis an bpobal foghlama seo agus beidh tríocha daltaí ón Spáinn ag teacht chugainn i mí Aibreáin 2020.

Ambasadóirí Aeráide

Ghlac ceathrar daltaí agus múinteoir amháin páirt sa chlár Náisiúnta 'Ambasadóirí Aeráide' leis an Taisc agus an Roinn Comhshaoil i mbliana. Is clár é seo a thugann tacaíocht do dhaoine an timpeallacht a spreagadh ina gceantair áitiúla. I mbliana, Bhí Emily Ní Shíonóid, Cian Ó hIfernáin, Carla Ní Chlúnaigh agus Saoirse Lodge páirteach sa chlár. Is baill den choiste glas iad na daltaí seo freisin. Spreag siad feachtas athchúrsála ar scoil, rinne siad úchtú ar rón agus labhair siad ar son na haeráide le linn na bliana. Bronnadh teastas frámáilte orthu an tseachtain seo caite san Óstán Morrison i mBaile Átha Cliath. Is ceannairí díograiseacha paiseanta iad ar fad. Maith sibh.

Techspace

Is gluaiseacht náisiúnta é TechSpace a thugann deiseanna do dhaoine óga a bheith cruthaitheach agus úsáid a bhaint as an teicneolaíocht. Cuidíonn ábhar an chlár, cuir i gcás scannánaíocht, beochanú, sádráil, róbataic, leictreonaic, iriseoireacht shoghluaiste, táirgeadh fuaime, códú, dearadh grafach, priontáil 3D, agus a thuilleadh nach iad le scileanna an 21ú hAois a fhorbairt, mar shampla an chruthaitheacht, comhoibriú, an smaointeoireacht chriticiúil, agus cumarsáid. Chuir múinteoir Edel agus múinteoir Elaine iarratas isteach le haghaidh deontais ionas go mbeidh níos mo trealamh teicneolaíochta ag an scoil. Cuirfear club Techspace ar siúl ag am lóin i ndiaidh na Nollag.



Scléip



Gach bliain, i mí na Samhna, bíonn comórtas speisialta ar siúl i mBÁC. Is comórtas ceoil é le Gaeilge mar phríomhtheanga an chomórtais. Ar ndóigh, is Gaelcholáistí iad na scoileanna a ghlacann páirt, Meánscoil Gharman san áireamh agus d'éirigh go maith leo ag an gcomórtas go dtí seo. Ghlac seacht ngníomhartha ó MSG páirt sa chomórtas. Bhí jab deacair ag na moltóirí ar an lá, ach sa deireadh, d'éirigh le ceithre ghrúpa dul ar aghaidh chuig Craobh na hÉireann, i Mí Eanáir. D'éirigh le Daniel, dalta sa chúigiú bliain. Chruthaigh Daniel a rap féin. D'éirigh leis an gcór lena n-amhrán cumhactach Éalú. Thaispeáin Carla, Éire agus Patricia an-tallann ina ngrúpa, P.E. leis an amhrán —, agus thug Camo agus na Leids léiriú breá dá gcumas dúinn. Bhí Rianne agus Jessica ag canadh, Fiachra ar na drumáí, Matilda ar an bpianó, agus Cameron ar an ngiotár. Sheinn siad 'Killer Queen' as Gaeilge. Faraor ní raibh an t-ádh ar Mollí, Meghan, agus Michaela ar an lá ach rinne siad sár iarracht agus gan dabht beidh lá eile ag an bPaorach! San iomlán, d'éirigh thar cionn le muintir Mheánscoil Gharman agus táimid fíorbhródúil as na hiomaitheoirí go léir a ghlac páirt i Scléip. Chomhghairdeas agus go n-éirí leo sa chraobh. Le Steve agus Liam